



2026/1243

15.6.2026

MOLADH (AE) 2026/1243 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meitheamh 2026

maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreachtaí alcalóideach eargóit i mbeatha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ leagtar síos an t-uasleibhéal le haghaidh substaintí neamh-inmhianaithe áirithe, lena n-áirítear eargót seagail (*Claviceps purpurea*) i mbeatha.
- (2) Le Moladh 2012/154/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾, moladh faireachán a dhéanamh ar láithreachtaí alcalóideach eargóit i ngránaigh agus táirgí gránach atá ceaptha mar bheatha ainmhithe, i bhféara féaraigh/foráiste le haghaidh beatha ainmhithe agus i mbeatha chumaisc.
- (3) An 28 Meitheamh 2012, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim maidir le halcalóidigh eargóit i mbia agus i mbeatha ⁽³⁾. Is ar phríomh-alcalóidigh eargóit *Claviceps purpurea* a bhunaigh an tÚdarás a mheasúnú riosca, is é sin eirgimeitrín, eargótaimín, eargóisín, eirgicristín, eirgeacoirín, chomh maith leis na heipimírí '-ín' comhghaolmhara. Ós rud é go bhféadfadh *Claviceps africana* agus *Claviceps fusiformis* a bheith ábhartha le haghaidh beatha allmhairithe isteach san Aontas, ba cheart faireachán a dhéanamh ar a n-alcalóidigh eargóit is líonmhaire go háirithe dé-hidreargóisín agus agraclaivín, faoi seach. Tá eargóvailín ar cheann de na halcalóidigh eargóit a fhaightear de ghnáth i speicis féir atá ionfhabhtaithe le hinfit amhail feisciú ard nó seagalach bhuan.
- (4) An 6 Iúil 2017, d'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil eolaíoch faoi nochtadh cothúcháin daoine agus ainmhithe d'alcalóidigh eargóit ⁽⁴⁾. Moltar sa tuarascáil gur cheart leanúint de shonraí anailíseacha maidir le halcalóidigh eargóit i dtráchtearraí beatha ábhartha a bhailiú. Thairis sin, ba cheart leanúint de shonraí maidir le láithreachtaí scléaróití eargóit agus maidir le cion na n-alcalóideach eargóit i dtráchtearraí éagsúla beatha a bhailiú go comhuaineach, chun cuidiú le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaidreamh idir an dá athróg sin. Ba cheart modhanna anailíse atá ar fáil agus a bhfuil fogaireacht leormhaith acu a úsáid le haghaidh an fhaireacháin.
- (5) An 30 Samhain 2023, ghlac an tÚdarás tuairim maidir leis na rioscaí do shláinte ainmhithe a bhaineann le láithreachtaí alcalóideach eargóit i mbeatha ⁽⁵⁾. Measann an tÚdarás go bhfuil láithreachtaí alcalóideach eargóit i mbeatha ina cúis inní ó thaobh na sláinte de i mbó-ainmhithe agus i muca (bainbh, muca lena ramhrú agus cránacha). Chuir an tÚdarás i dtábhacht go bhfuil gá le tuilleadh sonraí minicíochta maidir le halcalóidigh eargóit, go háirithe i bhforáiste agus i sorgam agus maidir le heargóvailín/eargóvailínín i bhforáiste. Maidir leis na sonraí minicíochta a chuirfí faoi bhráid an Údaráis, ba cheart faisnéis leormhaith a bheith iontu i dtaobh na samplaí beatha a ndearnadh anailís orthu, lena n-áirítear an cion taise, na spriocainmhithe agus an cineál beatha cumaisc (iomlán/comhlántach) agus ba cheart modhanna fogaire a úsáid le haghaidh na hanailíse.
- (6) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar alcalóidigh eargóit i mbeatha ar fud an Aontais,

⁽¹⁾ Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe (IO L 140, 30.5.2002, lch. 10, ELI <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/32/oj>).

⁽²⁾ Moladh 2012/154/AE ón gCoimisiún an 15 Márta 2012 maidir le faireachán a dhéanamh ar alcalóidigh eargóit a bheith i mbeatha agus i mbia (IO L 77, 16.3.2012, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2012/154/oj>).

⁽³⁾ Tuairim Eolaíoch maidir le hAlcalóidigh eargóit i mbia agus i mbeatha. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2012;10(7):2798. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2012.2798>.

⁽⁴⁾ Arcella, D., Gomez Ruiz, J.-A., Innocenti, M.L. agus Roldán, R., 2017. Tuarascáil eolaíoch maidir le nochtadh cothúcháin daoine agus ainmhithe d'alcalóidigh eargóit. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2017;15(7):4902, 53 lch. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4902>.

⁽⁵⁾ Tuairim eolaíoch maidir leis an riosca do shláinte ainmhithe a bhaineann le láithreachtaí alcalóideach eargóit i mbeatha, *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024 (22):e8496. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8496>.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Moltar do na Ballstáit, agus páirt ghníomhach á glacadh ag oibreoirí gnólachta beatha, faireachán a dhéanamh ar láithreachd alcalóideach eargóit i mbeatha.
2. Ba cheart anailís a dhéanamh ar na halcalóidigh eargóit seo a leanas ar a laghad:
 - eirgicristín/eirgicristínín,
 - eargótaimín/eargótaimínín,
 - eirgicriptín/eargóicriptínín (isiméirí α agus β),
 - eirgimeitrín/eirgimeitrínín,
 - eargóisín/eargósainín,
 - eirgeacoirnín/eargócoirnínín.

Moltar an anailís a dhéanamh ar eargóvailín/eargóvailínín, agraclaivín, dé-hidreargóisín agus lolaitreim B freisin.

3. Aon uair is féidir, ba cheart cion na scléaróití sa sampla a chinneadh chun feabhas a chur ar an eolas faoin gcaidreamh idir cion na scléaróití agus leibhéal na n-alcalóideach eargóit aonair.
4. Is é Crómatagrafaíocht leachta/mais-speictriméadracht sraithe an modh anailíse a mholtar. Féadfaidh modhanna anailíse eile a chur i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil fianaise ar fáil a léiríonn go ngineann siad torthaí iontaofa le haghaidh alcalóidigh eargóit aonair (nó le haghaidh péire eipiméirí díobh). Is é 5 $\mu\text{g/kg}$ nó níos lú ná sin an teorainn chainníochtaithe ba cheart a bheith ann chun gach alcalóideach eargóit a chinneadh.
5. Go háirithe, moltar samplaí de na nithe seo a leanas a thógáil:
 - gránaigh agus táirgí a dhíorthaítear astu;
 - féara agus táirgí a dhíorthaítear astu, lena n-áirítear foráiste;
 - beatha chumaisc.
6. Chun a áirithiú gur samplaí ionadaíocha iad na samplaí ar an luchtóg shampláilte, ba cheart do na Ballstáit an nós imeachta samplála a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ a leanúint.
7. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na torthaí anailíseacha a sholáthar don Údarás ar bhonn tráthrialta agus faoin 30 Meitheamh 2028, i bhformáid tíolachta sonraí EFSA i gcomhréir le ceanglais na Treoraíochta ó EFSA maidir le Tuairisciú Caighdeánach ar Shamplaí (*Standard Sample Description (SSD2)*) le haghaidh Bia agus Beatha ⁽⁷⁾ agus leis na ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise ó EFSA.

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>).

⁽⁷⁾ <https://www.efsa.europa.eu/ga/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0>.

8. Cuirtear an Moladh seo in ionad Mholadh 2012/154/AE ón gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún
